

IRELAND

# Scéal Staraí

Bhuail Aonghus Dwane le Mícheál Ó Siochrú le déanaí ina oifig ar champas, agus chuir sé agallamh air faoina shaol, a chuid oibre acadúla agus ceird na staire, agus faoina thuairimí faoin nGaeilge féin.

Tá Mícheál ina léachtóir sinsearach i Roinn na Staire agus ina Chomhalta den Choláiste. Bhain mé sult as an chomhrá spreagúil a bhí agam le Mícheál- duine a bhfuil a chroí istigh ina chuid oibre agus a bhfuil buanna cumarsáide aige le sin a chur trasna go soiléir, bríomhar.

Rugadh Mícheál i Rath Éanna i mBaile Átha Cliath. Tógadh le Gaeilge é, agus bhí Pádraig Ó Siochrú, “An Seabhadh”, mar sheanuncail aige. D’fhreastail sé ar Scoil Neasáin agus i ndiaidh sin ar Scoil na mBráithre Críostaí ar Chearnóg Pharnell. Bhí an-suim ag a sheanathair Mícheál sa stair, agus scríobh sé siúd cúpla leabhar staire do scoileanna sna 50idí.

Nuair a chríochnaigh Mícheál an Ardteist i lár na n-80idí, d’imigh sé leis ag taisteal ar feadh bliana, agus chaith sé tréimhse i Montréal i gCeanada ag obair i siopa mór leabhar dara láimhe a bhí faoi úinéireacht Éireannach. Bhí sé i gcónaí i gceist aige filleadh go hÉirinn agus chuaigh sé i mbun bunchéime sa stair i TCD – coláiste a roghnaigh sé go príomha mar go raibh seantaithí aige ar bheith suite i lár na cathrach óna laethanta scoile. Bhain sé sult as a thréimhse mar mhac léinn i TCD, ag déanamh dlúthchairde san am sin atá aige go fóill.

An raibh baint ag a scolaíocht lán-Ghaeilge lena shuim sa stair a mhúscailt? Deir Mícheál go mbíonn daoine ag rá go raibh na Bráithre Críostaí ag brú léargas cúng staire chun cinn, ach ní bhfuair sé féin go raibh an cás amhlaidh ach i gcorrhás. Bhí a thréimhse i gCeanada mar bhriseadh aige ó shaol na Gaeilge ar aon nós, agus bhí sé lánsásta díriú isteach ar ghnéithe eile den stair taobh amuigh de stair na hÉireann i TCD, cé gur fhill sé “diaidh ar ndiaidh” ar an réimse seo. Feictear dó gur thug an teanga buntáistí dó mar staraí atá in ann dul chuig bunfhoinisí i mBéarla agus i nGaeilge araon.

**“ Bhí Mícheál páirteach in eagrú comhdhálacha le cothrom 400 bliain Phlandáil Uladh a chomóradh.**

Rinne Mícheál, agus foireann staraithé i TCD, dianobair ar thrascríobh agus dhigitíú Theistíochtaí (depositions) 1641, cnuasach fianaise ó Phrotastúnaigh a d’fhulaing san Éirí Amach ag an am sin. Nach bhfuil an léargas sin aontaobhach? Deir Mícheál mar fhreagra go gcaithfidimid dul chuig na



foinisí a mhaireann fós, agus úsáid a bhaint astu: má théann tú á lorg, tá scéal an taoibh eile ann “idir na línte” mar a deirtear. Bailíodh na teistíochtaí ó na gnáthdhaoine, ní ráitis na móruaisle atá iontu. Tá mion-eolas ar an saghas saoil a chaith gnáthdhaoine ag an am, mar tá liostaí d’earraí a chaill siad sonraithe ann- idir bheithigh, threalaimh a bhí acu ina dtithe, srl. Osclaíonn sé seo fuinneog uathúil ar shaol laethúil agus baile na ngnáthdhaoine sa 17ú haois, eolas atá gann go hidirnáisiúnta agus atá luachmhar do staraithé na socháí.

Bhí Mícheál páirteach in eagrú comhdhálacha le cothrom 400 bliain Phlandáil Uladh a chomóradh. An féidir i ndáiríre teacht ar chomhthuiscint faoin eachtra sin ar an oileán seo? Dar le Mícheál, ní hí an chomhthuiscint cuspóir na staraithé, ach tuiscint níos fearr a aimsiú ar céard go díreach a tharla. Ní haon scéal amháin atá sa stair, tá na mílte scéal i gceist léi, agus cé go mbeidh a dtuairimí féin ag gach duine, ní fíor go mbíonn duine amháin ceart agus an duine eile mícheart: ní mór na scéalta ar fad a thógáil le chéile- ní hé, áfach, go dtiocfar ar aon léamh staire amháin i ndeireadh na dála!

Maidir le teoiric na staire “comhroinnte” a chualthas go leor faoi le linn chuairt na Banríona le déanaí, agus daoine a bhíonn ag rá gur chóir dúinn anois “líne a tharraingt sa ghaineamh” maidir

leis an stair; síleann Mícheál gur argóintí áiféiseacha atá anseo. Cé nach féidir a shéanadh go bhfuil nasc ollmhór idir stair na hÉireann agus a gaol le Sasana/an Bhreatain, tá “stair comhroinnte” ag Éirinn freisin le gach uile thír ar domhan- tá stair choilíneach ag Éirinn agus níl sé cruinn

talamh slán a dhéanamh de sin. A mhalairt, tugann an stair sin léargas dúinn ar stair choilíneachtaí eile ar fud na cruinne. Maidir le cothromaíocht na n-uafás, agus daoine a dheir “bhuel, más fíor go ndearna Sasana seo, caithfidh go ndearna na hÉireannaigh sin...”, ní mór a thuiscint nach bhfuil cothromaíocht dhíreach idir Éire agus an Bhreatain sa stair – murab ionann agus a rá nach bhfuil ciontach ar bith ar Éirinn. Dar leis, tá suim as cuimse ag Éireannaigh sa stair, agus feictear sin sa mhéid grúpaí a thagann le chéile ar fud na tíre, agus an méid leabhar staire atá le feiceáil i siopaí leabhar, feiniméan a chuir iontas ar chuariteoirí Sasanacha arb eol dó.

Tá Mícheál Ó Siochrú gníomhach sa cheardchumann IFUT agus gafa le ceardchumann le 20 bliain anuas – dar leis, tá sé tábhachtach i gcás lucht acadúil, mar shampla, a bhíonn ag obair ina n-aonair go minic, iad sáite i dtaighde, i dteagasc agus i scríbhneoireacht, nach rachadh coincheap na hOllscoile mar phobal as radharc, agus go mbeadh daoine ag obair ar son mhaithas an phobail trí chéile.

Tá an t-ádh ar Mícheál go bhfuil a réimse oibre mar ábhar a chuireann sé spéis ann ina shaol chomh maith. Rinne sé a thráchtas dochtúireachta faoi stiúir Aidan Clarke, agus chuaigh Clarke i gcion ar an saghas agus ar an tréimhse staire a bhíonn á chioradh aige anois. I ndiaidh a thráchtas, d’imigh Mícheál go Boisia ag obair mar Oifigeach Polaitiúil do na Náisiúin Aontaithe ar feadh cúpla bliain; rinne siad iarracht an saol polaitíochta a atógáil sa tír sin, i ndiaidh tréimhse choimhlinte agus sléachta. Tar éis dó trí nó ceithre bliana a

chaitheamh in Aberdeen, tháinig sé ag obair i TCD. D’fhág a chuid taistil agus a thaithí réimse leathan suimeanna aige, agus coinníonn sé súil ghéar ar imeachtaí sa saol polaitiúil. Lena chúraimí sa bhaile, agus lena chuid oibre, ní bhíonn mórán am saor aige, ach is leantóir spóirt é, agus an-suim aige sa scuais ach go háirithe.

Maidir lena dhearcadh ar an nGaeilge anois, creideann Mícheál go raibh an t-ádh air go raibh an chumarsáid idir é féin agus a athair trí mheán na teanga i gcónaí: choinnigh sé sin ceangal leis an teanga aige agus é thar lear. Tá méadú suntasach tagtha ar na deiseanna a bhíonn anois aige an Ghaeilge a labhairt le daoine; labhraíonn sé Gaeilge go minic le triúr nó ceathrar cairde leis, agus le roinnt daoine eile atá ag obair sa réimse céanna leis féin. Bíonn leithéidí TG4 agus Raidió na Gaeltachta ag déanamh fiosruithe nó ag iarraidh agallaimh a dhéanamh minic go leor. An rud is tábhachtaí, dar leis, ná go mbeadh daoine ag úsáid na teanga go nádúrtha, gan a bheith ag iarraidh a bheith go hiomlán foirfe nó cruinn inti: mura bhfuil ach cúpla focal ag duine, bíodh sé/sí sásta iad a thriail.

Aonghus Dwane

Tá Oifig na Gaeilge ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste, chun cúraimí an Achta Teanga a stiúradh agus scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn a riar. [www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)